



Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 12-3-2020

Eolas ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus an FSS faoi COVID-19 | *Information from Department of Education and Skills and the HSE about COVID-19*

Ta an t-eolas ar fad faoin víreas ar fáil ag an nasc seo thíos

<https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Fogra%C3%AD/comhairle-o-fss-maidir-le-coronavirus.html>

All the information about the virus is available at the link below.

<https://www.education.ie/en/The-Department/Announcements/information-for-schools-preschools-and-third-level-institutions-on-the-coronavirus.html>.

CUR I gCUIMHNE | *Reminder*

Ba cheart go mbeadh tuáille beag i mála beag plaisteach ag gach páiste sa mhála scoile chun a lámha a thriomú tar éis dóibh iad a ní. Bí cinnte le do thoil go bhfuil ceann ag gach páiste. Tá gallúnach ag gach doirteal agus iartrar ar na páistí insint dom má tá siad folamh. Meabhraí do na páistí freisin le bhur dtoil a mbéal/srón a chlúdach má tá siad ag casacht nó má ligeann siad sraoth.

Every child should have a small towel in a small plastic bag in their schoolbag to dry their hands after washing. Please ensure everybody has one. There is soap at every sink and children are asked to let me know immediately if it is empty. Remind the children also please to cover their mouth/nose if they are coughing or sneezing.

An Chéad Chomaoineach | *First Communion*

Beidh cruinniú do thuismitheoirí Rang a Dó ar an Déardaoin 19 Márta ar 20:00. Tabharfar eolas faoin gCéad Chomaoineach agus tá sé tábhachtach a bheith ann más mian leat go bhfaighidh do pháiste an tSacraimint seo. Mar a chuaigh abhaile cheana féin ar Aladdin, beidh an Chéad Fhaoistin ar siúl sa scoil ar an Aoine seo 13 Márta ar 11:30. **Le bheith soiléir**, níl aon rud ar eolas againn faoi dhúnadh na scoileanna, ach sílimid gur fearr an Chéad Fhaoistin a dhéanamh anois nuair is féidir, ar eagla go dtiocfaidh aon athrú ar chúrsaí idir seo agus an 24 Márta. Ní féidir glacadh leis an gCéad Chomaoineach gan glacadh le Sacraimint an Athmhuintearais ar dtús. Tá an obair déanta agus tá na páistí ullamh. Má tá tú ar fáil, tá fáilte romhat agus roimh bhaill eile an teaghlaigh a bheith linn ó 11:20 ar aghaidh, ach **ná bíodh** aon bhrú ort freastal, beidh múinteoirí agus cairde eile anseo in éineacht leis na páistí. Tá brón orm faoin ngearrfhógra ach táimid ag iarraidh an rud is fearr a dhéanamh do na páistí.

*There will be a meeting for parents of Second Class on Thursday, 19 March at 20:00. There will information about First Holy Communion and it's important to be there if you wish your child to receive this sacrament. As sent home on Aladdin already, the First Confession will be held in the school here this Friday 13 March at 11:30. **To be clear**, we have not been informed about any school closures, but we feel we are better off having the First Confession now when we can, in case anything was to change between now and 24 March. First Communion cannot be received without first receiving the Sacrament of Reconciliation. The work is done and the children are prepared. If you are available, you and other family relatives are welcome to join us from 11:20 onwards but **please** don't feel under pressure to attend, there will be teachers and friends there to accompany the children. I apologise about the short notice but we are trying to do what is best for the children.*

Comórtas Aimsire Cúla4 2020 | *Cúla4 Weather Competition 2020*

Tá TG4 ag eagrú comórtais ina dtabharfar deis do chúigear daltaí bunscoile (6-12 bliain) a bheith ina gcomhláithreoirí ar an Aimsir Láithreach le linn Sheachtain na Cásca. Beidh na buaiteoirí ar an aer i dteannta láithreoirí aitheanta an chainéil ar an gcaoladh aimsire gach tráthnóna ón 6ú-10ú Aibreán.

TG4 is organising a competition in which five primary school students (6-12 years old) are given the opportunity to co-present An Aimsir Láithreach during Easter Week. The winners will be on the air with our presenters for the weather broadcast each evening from the 6th-10th of April.

Tá na sonraí ar fad ar fáil anseo/All details can be found here:

www.cula4.com/aimsir

An Scéim don Bhus Scoile le CIE | *School Bus Scheme with CIE*

Meabhraítear do theaghlaigh a bhfuil iompar scoile uathu le haghaidh na scoilbhliana 20/21 go bhfuil iarratais á nglacadh anois. Lean an nasc thíos chun eolas a fháil maidir le clárú agus le hiarratas a dhéanamh. Is é 24/4/20 an spriocdháta um iarratais nua.

<https://www.buseireann.ie/inner.php?id=257>

Families requiring school transport for the 20/21 School year are reminded that applications are being accepted now. Follow the link above to get information about registering and applying. 24/4/20 is the deadline for new applications

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta | Irish Courses for Adults

Tá scéim fógraithe ag Gael Linn chun scoláireacht a thabhairt dóibh siúd atá ag déanamh cúrsa Gaeilge do dhaoine fásta. Tuilleadh eolais ag an nasc thíos.

<https://www.gael-linn.ie/ga/cursai/sc%C3%A9im-scol%C3%A1ireachta%C3%AD-do-dhaoine-f%C3%A1sta-2020/108-19/>

Gael Linn have announced a scheme to give scholarships to those undertaking Irish courses for adults. More information at the link above

Ceiliúradh na mBan Iontacha i Rang a Trí | Celebrating Amazing Women in Rang a Trí

Mar is eol daoibh, bhí Rang a Trí ag obair ar Thionscnaimh faoi Mhná A Bhain Éacht Amach. Chun na tionscnaimh seo a cheiliúradh, ba mhaith le Múinteoir Áine cuireadh a thabhairt do mháithreacha agus/nó do mhná eile tábhachtacha i saol na bpáistí (Mamó/Aintíní/Deirfiúracha Fásta/Cairde Fásta, srl.) le teacht isteach ar an Aoine 20 Márta ar 13:30. Beidh cupán tae agus sóláistí agus beidh deis ag na páistí a gcuid oibre a thaispeáint daoibh.

As you know, Rang a Trí have been working on projects about Women Who Did Amazing Things. To celebrate these projects, Múinteoir Áine would like to invite mothers and/or other important women in the children's lives (Grannies/Aunties/Adult Sisters/Adult Friends etc.) to come in on Friday 20 March at 13:30. There'll be a cuppa and some refreshments and the children will have an opportunity to show you all their work.

Lá Domhanda na Leabhar | World Book Day

Déanfaimid ceiliúradh ar Lá Domhanda na Leabhar ar an Aoine 20 Márta. Beidh cead ag na páistí gléasadh suas mar character ó leabhar ach ní bheidh uirlisí troda nó aon rud dáinséarach ceadaithe!

We will celebrate World Book Day on Friday 20 March. The children will be allowed to dress up as a character from a book but no weapons or dangerous objects allowed!

Rith Urraithe | Sponsored Run

De bharr na drochaimsire atá geallta agus chun aon imní neamhriachtanach faoi bhailiú sluaite a laghdú, tá an Rith Urraithe curtha ar athló go dtí lá éigin níos déanaí amach sa bhliain. Cuirigí isteach an clúdach litreach pé scéal é le bhur dtoil, le hairgead nó gan é, agus déanfaimid cinnte de go ndéanaimid níos déanaí sa bhliain é!

Due to the bad weather forecasted and to reduce any unnecessary worry around crowds gathering, the Sponsored Run is postponed until later in the year. Please send the envelope back in anyway, with money or without, and we'll make sure to do it later in the year!

Labhairt na Gaeilge go sóisialta timpeall na scoile | Speaking Irish socially around the school

Tá ag éirí go hiontach leis an bhfeachtas seo agus táimid sásta go bhfuil na páistí níos díograisí faoina gcuid Gaeilge anois. Ní féidir linn a bheith réchúiseach faoi seo áfach agus leanfar leis an moladh don iarracht agus leis na smachtbhannaí dóibh siúd a dhéanann failí ar a gcuid Gaeilge. Ba mhór againn dá mbainfeadh sibhse, na tuismitheoirí, níos mó úsáide as an nGaeilge atá agaibh, fiú mura bhfuil ach cúpla focal no frása agat. Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste, is fearr **cóta** ná **coat** agus is fearr **Conas atá tú?** ná **How are you?** Bain triail aisti agus beidh iontas ort leis an méid atá agat. Daoibh siúd a bhfuil Gaeilge ar bhur dtoil agaibh, an raibh **an Chaint** agat le do chairde go fóill? Má tá Gaeilge agat agus ag cara leat le Gaeilge ach gur Béarla a labhraíonn sibh le chéile, seans go bhfuil sé in am daoibh **#AnChaint** a bheith agaibh! Bain úsáid as do chuid Gaeilge! Beatha teanga í a labhairt.

This campaign is going really well and we are very happy that the children are far more diligent around their Irish now. We can't be complacent however and we'll continue with the praise for effort and the sanctions for those who neglect their Irish. We would really appreciate if you, the parents, used more of the Irish you have, even if it's only a few words or phrases. Broken Irish is better than clever English, **cóta** is better than coat and **Conas atá tú?** Is better than How are you? Give it a go and you'll be amazed at how much you have. For those who have Irish, have you had **The Talk** with your friends yet? If you have Irish and a friend of yours has Irish but you speak English together, it might be time to have **the Talk**. Use your Irish. The life of a language is in its speaking.



Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Aonach na Leabhar | Book Fair

Beidh Aonach na Leabhar againn ón Luan 23 Márta go dtí an Aoine 27 Márta. Beidh Leabhar le ceananch ón 13:30 – 14:40 gach lá ag an halla.

We will have our Book Fair from Monday 23 March to Friday 27 March. Books will be available for purchase from 13:30 – 14:30 every day at the hall.

Batteries for Barrettstown

Táimid fós ag bailiú cadhnaí le hathchúrsáil do *Barrettstown*, cuirigí isteach aon chadhnaí eile caite atá fós sa bhaile le bhur dtoil.

We are still collecting batteries to be recycled for Barrettstown, please send in any more used batteries you may have at home.

Laethanta Corpoideachais | PE days

Tá sé intuigthe go bhfuil cuid de na tuismitheoirí níos buartha faoi ní na n-éadaí faoi láthair. Ar an ábhar sin, tá cead ag páistí na héadaí spóirt scoile a chaitheamh gach lá, más mian le tuismitheoirí. **Ní chaitfidh siad na héadaí spóirt scoile a chaitheamh gach lá ach tá cead.** Níl cead aon éide spóirt eile a chaitheamh.

*It is understandable that some parents may be more concerned about washing clothes than usual at the moment. With this in mind, children may wear their school tracksuit every day, if their parents wish. **They do not have to wear their school tracksuit every day but they have permission to do so.** No other tracksuits are to be worn.*

Naíonáin Bheaga Ghlasa	An Déardaoin – An Aoine		Thursday – Aoine
Naíonáin Bheaga Bhuí	An Déardaoin – An Aoine		Thursday – Friday
Naíonáin Mhóra	An Déardaoin – An Aoine		Thursday – Aoine
Rang a hAon	An Chéadaoin – An Aoine		Wednesday – Friday
Rang a Dó	An Déardaoin – An Aoine		Thursday – Friday
Rang a Trí	An Mháirt – An Chéadaoin – An Déardaoin		Tuesday - Wednesday – Thursday
Rang a Ceathair	An Mháirt - An Aoine		Tuesday - Friday
Rang a Cúig	An Mháirt – An Chéadaoin – An Déardaoin		Tuesday – Wednesday – Thursday
Rang a Sé	An Chéadaoin – An Déardaoin – An Aoine		Wednesday – Thursday – Friday

CUMANN NA DTUISMITHEOIRÍ | Parents' Association

Is deacair a chreidiúint go bhfuil sé in am féachaint i dtreo an Chumainn don bhliain seo chugainn de bharr go bhfuil tréimhse Chiara de Faoite ag teacht chun deiridh. Bheadh an Cumann an-sásta aon léiriú suime sa Chathaoir a fháil in éineacht le Ciara (eile!) Nic Eoghain. Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoina bhfuil i gceist leis an ról agus tú féin a chur chun tosaigh, téir i dteagmháil leo le do thoil, tríd an r-phost, trí labhairt le ceachtar den bheirt Chiara sa chlós nó trí teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí ranga.

Faigheann an Cumann an-tacaíocht ó theaghlach na scoile, agus trí bheith ag obair le chéile, cuireann siad féilire breá imeachtaí spraoi, eachtraíochta agus sóisialta le chéile a chuireann go mór le saol scoile ár bpáistí agus cuireann siad roinnt craic ar fáil do na tuismitheoirí freisin! Beidh an tacaíocht chéanna ann don Chomh-Chathaoirleach nua ó Chiara Nic Eoghain agus ón gcuid eile den Chumann. Más suim leat in aon chor don bhliain seo, cuir ar an eolas iad le do thoil.

It's hard to believe that it's already time to start looking ahead to next year's Cumann as Ciara De Faoite's years of Co-Chairing are coming close to an end. The PA would be delighted to receive any expressions of interest in taking up the Co-Chair role from September 2020 with our Ciara eile. If you'd like to find out more about what the role entails and perhaps put yourself forward, please get in touch, either reply by email, have a chat with either of the two Ciaras in the clós or contact your Class Cumann Representative.

Our Cumann has fantastic support from our school families, and working together, the PA creates a calendar of varied opportunities for fun, adventure and social experiences which enhance our children's time in school and provides some craic for us parents too! There'll be plenty of support for the new Co-Chair both from Ciara Nic Eoghain and the rest of the Cumann, so if you're at all interested in stepping up for next September, please let them know.

Dátaí don Dialann | Dates for the Diary

19-03-20	Cruinniú na Comaoineach Communion Meeting	20:00 sa scoil
20-03-20	Gléasadh suas do Lá Domhanda na Leabhar Dress Up for World Book Day	
23/27-03-20	Aonach na Leabhar Book Fair	13:30 – 14:30 gach lá ag an halla
31-03-20	Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig <i>Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class</i>	
23-05-20	Comaoineach Communion	12:00 i Séipéal Bhríde
06-06-20	Beárbaiciú Bliantúil Annual Barbecue	14:00-17:00 sa scoil

CLÚDAIGH DO CHASACHT AGUS DO SHRAOTH

Ná scaip na fridini a dhéanann daoine tinn

Clúdaigh do shron agus do bhéal le naipcín nuair a dhéanann tú casacht nó sraothartach

NÓ

Déan casacht nó lig sraoth isteach i d'uillinn, ní i do lámha.

Caith uait do naipcín!

Glan do lámha tar éis duit casacht nó sraothartach.

Go raibh maith agat!

HE Building a Better Ireland | Seirbhís Sláinte | Health Service | HSE | RESIST

Coróinvíreas COVID-19

Comhairle do Scoileanna

Cé na Daoine atá i mBaoil?

- Aon duine a bhí i réigiún atá thíos leis an víreas sna 14 lá seo a chuaigh thart AGUS a bhfuil siomptóim air/uirthi
- Aon duine a bhí i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá seo a chuaigh thart AGUS a bhfuil siomptóim air/uirthi

Conas is Féidir an Víreas a Chosc

Nigh do lámha go maith agus go míoc chun éirí a dhéanann

Cumhdaigh do shraoth agus do bhéal le naipcín nuair a dhéanann tú casacht nó sraothartach

Seachain teagmháil le do shúil, do shron agus do lámha nuair atá do lámha reoingtáin

Glan agus dílatháil naidéal agus dromchlaí a dteagmháil le go míoc

Na Siomptóim

- > Casacht > Glais Anáil > Deacrachtaí Anáiltha > Flúthras (Ardbeocht)

Réigiúin atá Thíos leis an Víreas

Caith súil ar an fosta réigiún atá thíos leis an víreas ar www.hse.ie

Na nithe atá le déanamh má tá tú i mbaol

Bhí mé i réigiún atá thíos leis an víreas sna 14 lá seo a chuaigh thart agus

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glo ar do ha-chlosteoir gearráilte gan míoc
3. Mura bhfuil ha-chlosteoir gearráilte agat, cuir glo ar 112 nó ar 999

Níl aon siomptóim orm
Chun comhairle a fáil, tigh chug www.hse.ie

Bhí mé i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá seo a chuaigh thart agus

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glo ar do ha-chlosteoir gearráilte gan míoc
3. Mura bhfuil ha-chlosteoir gearráilte agat, cuir glo ar 112 nó ar 999

Níl aon siomptóim orm
Chun comhairle a fáil, tigh chug www.hse.ie

Chun an téolas is deirnean a fáil Gach Lá, téigh chug www.gov.ie/health-covid-19

Tá straitéis um úrnuadh i bhfeidhm ag Éireann faoi láthair, rud atá ag teacht leis an gcomhairle ón Eagraíocht Eorpach don Sláinte agus ón Léaráid Eorpach um Gháirí a Chosc agus a Réalú

HE Building a Better Ireland | Seirbhís Sláinte | Health Service | HSE | RESIST

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

Coronavirus COVID-19

Coronavirus COVID-19 Public Health Advice

Advice For Schools

Who is at Risk?

- Anyone who has been to an affected region in the last 14 days AND is experiencing symptoms
- Anyone who has been in close contact with a confirmed or probable case of COVID-19 (Coronavirus) in the last 14 days AND is experiencing symptoms

How to Prevent

Wash your hands well and often to avoid contamination

Cover your mouth and nose with a tissue or sleeve when coughing or sneezing and discard used tissue

Avoid touching eyes, nose, or mouth with unwashed hands

Clean and disinfect frequently touched objects and surfaces

The Symptoms

- > A Cough > Shortness of Breath > Breathing Difficulties > Fever (High Temperature)

Affected Regions

Check the list of affected regions on www.hse.ie

What to do if you are at risk

I've been to an affected region in the last 14 days and

I HAVE symptoms

1. Stay away from other people
2. Phone your GP without delay
3. If you do not have a GP Phone 112 or 999

I DO NOT HAVE symptoms
For advice visit www.hse.ie

I've been in close contact with a confirmed or probable case of COVID-19 (Coronavirus) in the last 14 days and

I HAVE symptoms

1. Stay away from other people
2. Phone your GP without delay
3. If you do not have a GP Phone 112 or 999

I DO NOT HAVE symptoms
For advice visit www.hse.ie

For Daily Updates Visit www.gov.ie/health-covid-19

HE Building a Better Ireland | Seirbhís Sláinte | Health Service | HSE | RESIST

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

COVER YOUR COUGH AND SNEEZE

Stop the spread of germs that make people sick

When you cough or sneeze cover your nose and mouth with a tissue

OR

Cough or sneeze into your elbow, not your hands.

Throw away your tissue!

Clean your hands after coughing or sneezing.

Thanks!

HE Building a Better Ireland | Seirbhís Sláinte | Health Service | HSE | RESIST



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Talking to Children and Young People about COVID-19 (Coronavirus) Advice for Parents and Schools

- Children and young people need factual, age appropriate information about the virus and concrete instruction about how to avoid spreading of the virus. Without the facts, they often imagine situations far worse than reality. See <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/coronavirus.html>
- Let the child/young person's questions and their age guide as to how much information to provide:
 - **Very young children** need brief, simple information and reassurance that they are safe and that the people they care about are safe. They may ask *Will I get sick? Will granny/grandad die?*
 - Reassure them that the Government is working hard to ensure that people throughout the country stay healthy.
 - Explain that at the present moment very few people in this country are sick with the virus.
 - Tell them that not everyone will get the virus and that the vast majority who get it recover fully.
 - **Older children** may need help to separate reality from rumour and fantasy. Either provide or direct them to where they can find accurate, and factual information about the current status of COVID-19. Having such knowledge can help them feel a sense of control.
- Children can feel less anxious and more in control when given guidance on what they can do to prevent infection. Give them this information. Further information is available [here](#).
- The posters overleaf are available at this link. There is also a link to a video the Deputy Chief Medical Officer answered some common questions for RTÉ Junior's News 2Day programme [here](#):



Ag Caint le Leanaí agus le Daoine Óga faoi COVID-19 (Coronavirus) Comhairle do Thuismitheoirí agus do Scoileanna

- Bíonn gá ag leanaí agus ag daoine óga le heolas fíriciúil, aois-oiriúnach faoin víreas mar aon le treoir chinnte faoin tslí le scaipeadh an víris a sheachaint. Gan fíricí a bheith acu, is minic go mbíonn siad ag samhlú riochtaí a bhíonn i bhfad níos measa ná an scéal mar atá. Féach <https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/coronavirus.html>
- Bíodh ceisteanna agus aois an linbh/duine óig mar threoir don mhéid eolais a chuirtear ar fáil:
 - Bíonn gá ag **leanaí an-óg** le heolas gonta, simplí agus a mheabhrú dóibh go bhfuil siad slán agus go bhfuil na daoine atá tábhachtach dóibh slán. B'fhéidir go gceistoidh siad *An éireoidh mise tinn? An bhfaighidh Mamó/Daideo bás?*
 - Cuir iad ar a suaimhneas agus abair leo go bhfuil an Rialtas ag obair go dian lena chinntiú go bhfanfaidh daoine ar fud na tíre sláintiúil.
 - Mínigh dóibh go bhfuil fíorbheagán daoine ar fud na tíre seo tinn faoi láthair leis an víreas.
 - Mínigh dóibh nach bhfaighidh gach duine an víreas agus go dtiocfaidh biseach iomlán ar thromlach mór na ndaoine.
 - B'fhéidir go mbeidh gá ag **leanaí níos sine** le fírinne ar leith seachas luaidreáin agus fantaisí. Cuir an t-eolas ar fáil dóibh nó treoraigh iad chuig áit inar féidir leo eolas cruinn, fíriciúil a fháil faoi stádas reatha COVID-19. Nuair a bhíonn eolas acu, cuidíonn sé leo a mhothú go bhfuil smacht acu.
- Is féidir inní a mhaolú agus smacht a mhéadú i measc leanaí nuair a chuirtear comhairle ar fáil dóibh faoin tslí leis an ionfhabhtú a laghdú. Tabhair an t-eolas seo dóibh. Tá eolas breise ar fáil [anseo](#).
- Tá na póstaerí thall ar fáil ag an nasc seo. Tá nasc freisin chuig físeán inar thug an Leas-Phríomhoifigeach Leighis freagra ar cheisteanna coitianta do chlár RTÉ Junior's News 2Day [anseo](#).

Seachtain

na Gaeilge

Le enÉrgia

Ronaldo Fanzini, king of mayhem

Bailigí timpeall, bailigí uilig is beidh béaloscailteach nuair a fheiceann sibh na héachtanna do-chreidthe a bhfuil an fear seo as Chiarraí -cibé áit eile! -sásta tabhairt faoi. An bhfuil sé amaideach nó chalma thar aon chreidiúint? Is cuma cé acu í ndáiríre mar go gcuireann Ronaldo Fanzini seó sorcas iontach greannmhar is fíor craiceáilte í láthair d'óg is aosta.

Gather round, gather all, and you'll be open-mouthed when you see the unbelievable feats of this man from Kerry - where else! - is happy to undertake. Is he stupid or brave beyond belief? It really doesn't matter as Ronaldo Fanzini presents this wonderfully funny and madcap circus for young and old.



Blanchardstown Library

Thursday 19 March

3.30pm - 4.30pm